II

(Gníomhartha neamhreachtacha)

RIALACHÁIN

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2021/1401 ÓN gCOIMISIÚN

an 25 Lúnasa 2021

lena leasaítear Rialacháin Cur Chun Feidhme (AE) 2020/761 agus (AE) 2020/1988 a mhéid a bhaineann leis na cainníochtaí is féidir a allmhairiú faoi tharaif-chuótaí áirithe

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena mbunaítear comheagrú na margaí i dtáirgí talmhaíochta agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh. 922/72, (CEE) Uimh. 234/79, (CE) Uimh. 1037/2001, agus (CE) Uimh. 1234/2007 ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 187 agus Airteagal 223(3) de,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 maidir leis an gcomhbheartas talmhaíochta a mhaoiniú, a bhainistiú agus faireachán a dhéanamh air agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh. 352/78, (CE) Uimh. 165/94, (CE) Uimh. 2799/98, (CE) Uimh. 814/2000, (CE) Uimh. 1290/2005 agus (CE) Uimh. 485/2008 ón gComhairle ([2]), agus go háirithe Airteagal 66(4) de,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 510/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Aibreán 2014 lena leagtar síos na socruithe trádála is infheidhme maidir le hearraí áirithe ar den toradh ar phróiseáil táirgí talmhaíochta iad agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 1216/2009 agus (CE) Uimh. 614/2009 ón gComhairle ([3]), agus go háirithe Airteagal 9, an chéad mhír, pointí (a) go (d), agus Airteagal 16(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/761 ón gCoimisiún ([4]), leagtar síos na rialacha maidir le bainistiú na dtaraif-chuótaí ar allmhairí agus onnmhairí maidir le táirgí talmhaíochta a bhainistítear le córas ceadúnas allmhairiúcháin agus onnmhairiúcháin agus déantar foráil ann maidir le rialacha sonracha.

(2) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1988 ón gCoimisiún ([5]), leagtar síos na rialacha maidir le riar taraif-chuótaí ar allmhairí atá ceaptha lena n-úsáid ar bhonn ord croineolaíoch na ndátaí a ghlactar leis na dearbhuithe custaim (an prionsabal "tagadh do sheal mar a tháinig tú féin").

([1]) IO L 347, 20.12.2013, lch. 671.
([2]) IO L 347, 20.12.2013, lch. 549.
([3]) IO L 150, 20.5.2014, lch. 1.
([4]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/761 ón gCoimisiún an 17 Nollaig 2019 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialacháin (AE) Uimh. 1306/2013, (AE) Uimh. 1308/2013 agus (AE) Uimh. 510/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le córas bainistíochta na dtaraif-chuótaí le ceadúnais (IO L 185, 12.6.2020, lch. 24).
([5]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1988 ón gCoimisiún an 11 Samhain 2020 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialacháin (AE) Uimh. 1308/2013 agus (AE) Uimh. 510/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le riaradh taraif-chuótaí ar allmhairí i gcomhréir leis an bprionsabal "tagadh do sheal mar a tháinig tú féin" (IO L 422, 14.12.2020, lch. 4).

(3) Leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach agus Ríocht na Téalainne a bhaineann le modhnú lamháltas ar na cuótaí ráta taraife go léir a áirítear i Sceideal CLXXV an Aontais de thoradh tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach, arna thabhairt i gcrích le Cinneadh (AE) 2021/1234 ón gComhairle ([6]), déanann an Comhaontú roinnt taraif-chuótaí a leasú maidir le cainníochtaí táirgí atá le hallmhairiú ón Téalainn.

(4) Trí mhalartú litreacha idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na hAirgintíne de bhun Airteagal XXVIII den Chomhaontú Ginearálta um Tharaifí agus Trádáil (CGTT) 1994 a bhaineann le modhnú lamháltas ar na cuótaí ráta taraife go léir a áirítear i Sceideal CLXXV an Aontais de thoradh tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach, arna thabhairt i gcrích le Cinneadh (AE) 2021/1213 ón gComhairle ([7]), déanann an Comhaontú roinnt taraif-chuótaí a leasú maidir le cainníochtaí táirgí atá le hallmhairiú ón Airgintín. Leasaítear leis freisin córas bainistíochta na dtaraif-chuótaí faoi shraithuimhreacha 09.4099 agus 09.4104, agus cruthaítear dhá tharaifchuóta nua d'éanlaith chlóis de thionscnamh na hAirgintíne.

(5) Na leasuithe a rinneadh leis na Comhaontuithe sin, ba cheart iad a léiriú i Rialacháin Cur Chun Feidhme (AE) 2020/761 agus (AE) 2020/1988.

(6) Dá bhrí sin, ba cheart Rialacháin Cur Chun Feidhme (AE) 2020/761 agus (AE) 2020/1988 a leasú dá réir.

(7) De dheasca na práinne a bhaineann le cur chun feidhme na gComhaontuithe sin, ba cheart go dtiocfadh an Rialachán seo i bhfeidhm lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*. Ciallaíonn sé sin go bhfuil feidhm freisin ag na leasuithe a rinneadh leis an Rialachán seo maidir le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1988 i dtaca le tréimhsí taraif-chuótaí atá ar siúl fós an lá a thiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm. Ba cheart go mbeadh feidhm ag na leasuithe ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/761 ón gcéad tréimhse iarratais ar cheadúnais tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo. Maidir leis na leasuithe ar chainníochtaí na dtaraif-chuótaí faoi shraithuimhreacha 09.4412 agus 09.4213, chomh maith leis na leasuithe a bhaineann le cruthú taraif-chuótaí faoi shraithuimhreacha 09.4288, 09.4289 agus 09.4290, áfach, ba cheart feidhm a bheith ag na leasuithe sin amhail ó thús na dtréimhsí taraif-chuóta a thosóidh tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.

(8) Is gá foráil idirthréimhseacha áirithe a leagan síos maidir le cur i bhfeidhm leanúnach Airteagail 38 agus 40 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/761 i ndáil leis na tréimhsí taraif-chuóta atá ar siúl faoi láthair do na taraif-chuótaí faoi shraithuimhreacha 09.4099 agus 09.4104, go dtí go gcuirfear tús leis an gcéad tréimhse tharaif-chuóta den taraif-chuóta faoi shraithuimhir 09.4288, agus nuair a leasaítear na tréimhsí taraif-chuótaí atá ar siúl fós i dtaca leis na cainníochtaí atá ar fáil tar éis na leasuithe a dhéantar leis an Rialachán seo.

(9) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste um Chomheagrú na Margaí Talmhaíochta,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasuithe ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/761

Leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/761 mar a leanas:

(1) Scriostar Airteagail 38 agus 40;

(2) Leasaítear Iarscríbhinní I, II, III, VI agus XII i gcomhréir le hIarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo.

([6]) Cinneadh (AE) 2021/1234 ón gComhairle an 13 Iúil 2021 maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus Ríocht na Téalainne de bhun Airteagal XXVIII den Chomhaontú Ginearálta um Tharaifí agus Thrádáil (CGTT) 1994, a bhaineann le modhnú lamháltas ar na taraif-chuótaí uile a áirítear i Sceideal CLXVV an Aontais de thoradh tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach (IO L 274, 30.7.2021, lch. 55).

([7]) Cinneadh (AE) 2021/1213 ón gComhairle an 13 Iúil 2021 maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais, an Chomhaontaithe i bhfoirm Malartú Litreacha idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na hAirgintíne de bhun Airteagal XXVIII de Chomhaontú Ginearálta um Tharaifí agus Trádáil (CGTT) 1994 a bhaineann le modhnú lamháltas ar na cuótaí ráta taraife uile a áirítear i Sceideal CLXXV de chuid an Aontais mar thoradh ar tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach (IO L 264, 26.7.2021, lch. 1).

Airteagal 2

Leasuithe ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1988

Leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1988 mar a leanas:

(1) Leasaítear Airteagal 7 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an cheannteidil:

"Sainiú na dtaraif-chuótaí faoi shraithuimhreacha 09.0124, 09.0131, 09.0126, 09.0127, 09.0128, 09.0129 agus 09.0130";

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

"2. I gcás taraif-chuótaí faoi shraithuimhreacha 09.0126, 09.0127, 09.0128 agus 09.0129, is é a bheidh i gceist leis na táirgí a thagann faoi réim chód AC ex 0714 10 00 táirgí seachas millíní a fhaightear ó phlúir agus ó mhin a thagann faoi réim chód AC 0714 10 00.";

(2) Leasaítear Iarscríbhinn I i gcomhréir le hIarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 3

Forálacha idirthréimhseacha

1. Leanfaidh Airteagail 38 agus 40 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/761 d'fheidhm a bheith acu maidir leis na tréimhsí taraif-chuóta atá ar siúl faoi láthair do na taraif-chuótaí faoi shraithuimhreacha 09.4099 agus 09.4104.

2. Mura bhforáiltear a mhalairt in Iarscríbhinní II go XII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/761, i gcás ina bhfuil tús curtha leis an tréimhse taraif-chuóta, a bhaineann le taraif-chuóta ar leith, ar lá theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo, cuirfear an difríocht idir an chainníocht nua agus na cainníochtaí a leithdháileadh cheana ar fáil d'iarratais a thaiscfear tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.

I gcás tréimhsí taraif-chuóta arna roinnt i bhfothréimhsí, déanfar an difríocht idir an chainníocht nua agus na cainníochtaí a leithdháileadh cheana a dháileadh go cothrom idir na fothréimhsí a bheidh fágtha.

3. Chun críocha Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1988, an chainníocht a bheidh ar fáil don chuid eile den tréimhse taraif-chuóta atá ar siúl fós an lá a thiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm, is í sin an difríocht idir an chainníocht nua agus na cainníochtaí a leithdháileadh cheana roimh theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.

I gcás méadú ar na cainníochtaí a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1988, más rud é, ar lá theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo, go bhfuil tús curtha cheana le tréimhse ábhartha an taraif-chuóta agus go bhfuil an chainníocht a bhí ar fáil roimhe sin ídithe, déanfar an difríocht idir an chainníocht nua agus an chainníocht roimhe sin a leithdháileadh ar oibreoirí de réir an oird chroineolaíoch ar dháta glactha an dearbhaithe custaim maidir le scaoileadh i saorchúrsaíocht. Déanfar an difríocht sa dleacht a íocadh cheana a aisíoc le hoibreoirí a d'allmhairigh a gcuid earraí as an gcuóta roimh theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.

I gcás laghdú ar na cainníochtaí a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1988, más rud é, ar lá theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo, gur cuireadh tús cheana féin le tréimhse ábhartha an taraif-chuóta agus gur scaoileadh i saorchúrsaíocht cheana féin cainníocht atá níos airde ná an chainníocht arna leasú leis an Rialachán seo, ní bheidh sé de cheangal ar oibreoirí an dleacht iomlán a íoc i leith na gcainníochtaí laistigh den chuóta a allmhairíodh de bhreis ar na méideanna nua a bhí ar fáil.

Airteagal 4

Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm ag Pointe (2) d'Airteagal 1 maidir leis na taraif-chuótaí lena mbaineann ón gcéad tréimhse iarratais ar cheadúnais tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo, seachas pointí (1), (4), agus (5)(b), (g), agus (h) d'Iarscríbhinn I, a mbeidh feidhm acu maidir leis na tréimhsí taraif-chuóta a thosóidh tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 25 Lúnasa 2021.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN I

Leasaítear Iarscríbhinní I, II, III, VI agus XII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/761 mar a leanas:

(1) Leasaítear Iarscríbhinn I mar a leanas:

(a) scriostar na rónna a bhaineann leis na taraif-chuótaí a bhfuil na sraithuimhreacha 09.4099 agus 09.4104 orthu;

(b) cuirtear isteach an ró seo a leanas i ndiaidh ró an taraif-chuóta a bhfuil an tsraithuimhir 09.4286 air:

"09.4288	Torthaí agus glasraí	Allm-hairiú	AE: scrúdú comhuaineach	Ní hea	Is ea		Ní hea"

(c) cuirtear isteach na rónna seo a leanas i ndiaidh ró an taraif-chuóta a bhfuil an tsraithuimhir 09.4283 air:

"09.4289	Feoil éanlaith chlóis:	Allm-hairiú	AE: scrúdú comhuaineach	Is ea	I gcás ina bhfuil feidhm ag Airteagal 9(9) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/760 agus sa chás sin amháin	Go dtí deireadh na tréimhse taraif-chuóta	Is ea
09.4290	Feoil éanlaith chlóis:	Allm-hairiú	AE: scrúdú comhuaineach	Is ea	I gcás ina bhfuil feidhm ag Airteagal 9(9) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/760 agus sa chás sin amháin	Go dtí deireadh na tréimhse taraifchuóta	Is ea"

(2) in Iarscríbhinn II, sa tábla a bhaineann leis an taraif-chuóta a bhfuil an tsraithuimhir 09.4131 air, sa ró "Cainníocht i gcileagraim", cuirtear an chainníocht "276 440 000 kg" in ionad "269 214 000 kg";

(3) in Iarscríbhinn III, sa tábla a bhaineann leis an taraif-chuóta a bhfuil an tsraithuimhir 09.4168 air, sa ró "Cainníocht i gcileagraim", cuirtear an chainníocht "28 360 000 kg" in ionad "26 581 000 kg";

(4) Leasaítear Iarscríbhinn VI mar a leanas:

(a) scriostar na táblaí a bhaineann leis na taraif-chuótaí a bhfuil na sraithuimhreacha 09.4099 agus 09.4104 orthu;

(b) cuirtear isteach an tábla seo a leanas a bhaineann leis an taraif-chuóta a bhfuil an tsraithuimhir 09.4288 air:

"**Sraithuimhir**	**09.4288**
Comhaontú idirnáisiúnta nó gníomh eile	Cinneadh (AE) 2021/1213 ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais, an Chomhaontaithe trí Mhalartú Litreacha idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na hAirgintíne de bhun Airteagal XXVIII de Chomhaontú Ginearálta um Tharaifí agus Trádáil (CGTT) 1994 a bhaineann le modhnú lamháltas ar na cuótaí ráta taraife uile a áirítear i Sceideal CLXXV an Aontais mar thoradh ar tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach
Tréimhse taraif-chuótaí	Ón 1 Meitheamh go dtí an 31 Bealtaine
Fothréimhsí taraif-chuótaí	Ón 1 Meitheamh go dtí an 31 Lúnasa Ón 1 Meán Fómhair go dtí an 30 Samhain Ón 1 Nollaig go dtí an 28 Feabhra nó an 29 Feabhra, de réir mar a bheidh Ón 1 Márta go dtí an 31 Bealtaine

Iarratas ar cheadúnas	I gcomhréir le hAirteagail 6, 7 agus 8 den Rialachán seo
Tuairisc ar an táirge	Gairleog úr nó fuaraithe a thagann faoi chuimsiú chód AC 0703 20 00
Tionscnamh	An Airgintín
Cruthúnas ar thionscnamh tráth a dhéantar an t-iarratas ar cheadúnas. Más ann dó, an bhfuil an comhlacht údaraithe chun é a eisiúint	Níl
Cruthúnas ar tionscnamh le haghaidh scaoileadh i saorchúrsaíocht	Ní ann dó
Cainníocht i gcileagraim	19 147 000 kg, arna roinnt mar a leanas: 0 kg don fhothréimhse ón 1 Meitheamh go dtí an 31 Lúnasa 0 kg don fhothréimhse ón 1 Meán Fómhair go dtí an 30 Samhain 11 700 000 kg don fhothréimhse ón 1 Nollaig go dtí an 28/29 Feabhra 7 447 000 kg don fhothréimhse ón 1 Márta go dtí an 31 Bealtaine
Cóid AC	0703 20 00
Dleacht chustaim laistigh den chuóta	9,6 % *ad valorem*
Cruthúnas ar thrádáil	Is ann dó. 25 thona
Urrús i gcomhair ceadúnas allmhairiúcháin	EUR 60 in aghaidh 1 000 kg
Iontrálacha sonracha atá le déanamh ar an iarratas ar cheadúnas agus ar an gceadúnas	Is i roinn 8 den iarratas ar cheadúnas allmhairiúcháin agus den cheadúnas allmhairiúcháin a shonrófar an tír thionscnaimh; an bosca sa roinn sin ina bhfuil freagra dearfach, déanfar é a chrosáil
Tréimhse bailíochta ceadúnais;	I gcomhréir le hAirteagal 13 den Rialachán seo
Inaistritheacht ceadúnais	Is féidir
Cainníocht tagartha	Ní hea
Oibreoir atá cláraithe i mbunachar sonraí LORI	Níl sé cláraithe
Coinníollacha sonracha	Ní ann dóibh”

(5) leasaítear Iarscríbhinn XII mar a leanas:

(a) sa tábla a bhaineann leis an taraif-chuóta a bhfuil an tsraithuimhir 09.4212 air, sa ró “Cainníocht i gcileagraim”, cuirtear an chainníocht “81 968 000 kg” in ionad “68 385 000 kg”;

(b) leasaítear an tábla a bhaineann leis na taraif-chuótaí a bhfuil an tsraithuimhir 09.4213 air mar a leanas:

(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ró “Tionscnamh”:

“**Tionscnamh**	Gach tríú tír ach amháin an Bhrasaíl, an Téalainn, an Airgintín agus an Ríocht Aontaithe”

(ii) sa ró “Cainníocht i gcileagraim”, cuirtear “368 000 kg” in ionad na cainníochta “824 000 kg”;

(c) sa tábla a bhaineann leis an taraif-chuóta a bhfuil an tsraithuimhir 09.4215 air, sa ró “Cainníocht i gcileagraim”, cuirtear an chainníocht “53 866 000 kg” in ionad “109 441 000 kg”;

(d) sa tábla a bhaineann leis an taraif-chuóta a bhfuil an tsraithuimhir 09.4254 air, sa ró “Cainníocht i gcileagraim”, cuirtear an chainníocht “2 435 000 kg” in ionad “8 019 000 kg”;

(e) sa tábla a bhaineann leis an taraif-chuóta a bhfuil an tsraithuimhir 09.4255 air, sa ró “Cainníocht i gcileagraim”, cuirtear an chainníocht “1 940 000 kg” in ionad “1 162 000 kg”;

(f) sa tábla a bhaineann leis an taraif-chuóta a bhfuil an tsraithuimhir 09.4257 air, sa ró "Cainníocht i gcileagraim", cuirtear an chainníocht "10 000 kg" in ionad "0 kg";

(g) leasaítear an tábla a bhaineann leis na taraif-chuótaí a bhfuil an tsraithuimhir 09.4412 air mar a leanas:

(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ró "Tionscnamh":

"**Tionscnamh**	Gach tríú tír ach amháin an Bhrasaíl, an Téalainn, an Airgintín agus an Ríocht Aontaithe"

(ii) sa ró "Cainníocht i gcileagraim", cuirtear "788 000 kg" in ionad na cainníochta "2 868 000 kg";

(h) cuirtear na táblaí a leanas leis, táblaí a bhaineann leis na taraif-chuótaí a bhfuil na sraithuimhreacha 09.4289 agus 09.4290 orthu;

"**Sraithuimhir**	**09.4289**
Comhaontú idirnáisiúnta nó gníomh eile	Cinneadh (AE) 2021/1213 ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais, an Chomhaontaithe trí Mhalartú Litreacha idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na hAirgintíne de bhun Airteagal XXVIII de Chomhaontú Ginearálta um Tharaifí agus Trádáil (CGTT) 1994 a bhaineann le modhnú lamháltas ar na cuótaí ráta taraife uile a áirítear i Sceideal CLXXV an Aontais mar thoradh ar tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach
Tréimhse taraif-chuótaí	Ón 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig
Fothréimhsí taraif-chuótaí	Ón 1 Eanáir go dtí an 31 Márta Ón 1 Aibreán do dtí an 30 Meitheamh Ón 1 Iúil go dtí an 30 Meán Fómhair Ón 1 Deireadh Fómhair go dtí an 31 Nollaig:
Iarratas ar cheadúnas	I gcomhréir le hAirteagail 6, 7 agus 8 den Rialachán seo
Tuairisc ar an táirge	Sicín
Tionscnamh	An Airgintín
Cruthúnas ar thionscnamh tráth a dhéantar an t-iarratas ar cheadúnas. Más ann dó, an bhfuil an comhlacht údaraithe chun é a eisiúint	Níl
Cruthúnas ar thionscnamh le haghaidh scaoileadh i saorchúrsaíocht	Beidh. I gcomhréir le hAirteagail 57, 58 agus 59 de Rialachán (AE) 2015/2447
Cainníocht i gcileagraim	2 080 000 kg, arna roinnt mar a leanas: 25 % do gach fothréimhse
Cóid AC	0207 14 10 0207 14 50 0207 14 70
Dleacht chustaim laistigh den chuóta	EUR 0
Cruthúnas ar thrádáil	Is ann dó. Níl cruthúnas ar thrádáil ag teastáil ach i gcás ina bhfuil feidhm ag Airteagal 9(9) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/760 agus sa chás sin amháin. 25 thona
Urrús i gcomhair ceadúnas allmhairiúcháin	EUR 50 in aghaidh 100 kg
Iontrálacha sonracha atá le déanamh ar an iarratas ar cheadúnas agus ar an gceadúnas	Is i roinn 8 den iarratas ar cheadúnas allmhairiúcháin agus den cheadúnas allmhairiúcháin a shonrófar an tír thionscnaimh; An bosca sa roinn sin ina bhfuil freagra dearfach, déanfar é a chrosáil

Tréimhse bailíochta ceadúnais	I gcomhréir le hAirteagal 13 den Rialachán seo
Inaistritheacht ceadúnais	Is féidir
Cainníocht tagartha	Is ea
Oibreoir cláraithe i mbunachar sonraí LORI	Tá
Coinníollacha sonracha	Ní ann dóibh

Sraithuimhir	**09.4290**
Comhaontú idirnáisiúnta nó gníomh eile	Cinneadh (AE) 2021/1213 ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais, an Chomhaontaithe trí Mhalartú Litreacha idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na hAirgintíne de bhun Airteagal XXVIII de Chomhaontú Ginearálta um Tharaifí agus Trádáil (CGTT) 1994 a bhaineann le modhnú lamháltas ar na cuótaí ráta taraife uile a áirítear i Sceideal CLXXV an Aontais mar thoradh ar tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach
Tréimhse taraif-chuótaí	Ón 1 Iúil go dtí an 30 Meitheamh
Fothréimhsí taraif-chuótaí	Ní ann dóibh
Iarratas ar cheadúnas	I gcomhréir le hAirteagail 6, 7 agus 8 den Rialachán seo
Tuairisc ar an táirge	Feoil éanlaith chlóis, saillte nó faoi sháile
Tionscnamh	An Airgintín
Cruthúnas ar thionscnamh tráth a dhéantar an t-iarratas ar cheadúnas. Más ann dó, an bhfuil an comhlacht údaraithe chun é a eisiúint	Níl
Cruthúnas ar thionscnamh le haghaidh scaoileadh i saorchúrsaíocht	Is ann dó. I gcomhréir le hAirteagail 57, 58 agus 59 de Rialachán (AE) 2015/2447
Cainníocht i gcileagraim	456 000 kg
Cóid AC	Ex02 10 99 39
Dleacht chustaim laistigh den chuóta	15,4 %
Cruthúnas ar thrádáil	Is ann dó. Níl cruthúnas ar thrádáil ag teastáil ach i gcás ina bhfuil feidhm ag Airteagal 9(9) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/760 agus sa chás sin amháin. 25 thona
Urrús i gcomhair ceadúnas allmhairiúcháin	EUR 50 in aghaidh 100 kg
Iontrálacha sonracha atá le déanamh ar an iarratas ar cheadúnas agus ar an gceadúnas	Is i roinn 8 den iarratas ar cheadúnas allmhairiúcháin agus den cheadúnas allmhairiúcháin a shonrófar an tír thionscnaimh; An bosca sa roinn sin ina bhfuil freagra dearfach, déanfar é a chrosáil
Tréimhse bailíochta ceadúnais	I gcomhréir le hAirteagal 13 den Rialachán seo
Inaistritheacht ceadúnais	Is féidir
Cainníocht tagartha	Is ea
Oibreoir atá cláraithe i mbunachar sonraí LORI	Is ea
Coinníollacha sonracha	Ní ann dóibh”

IARSCRÍBHINN II

Leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1988 mar a leanas:

(1) sa roinn faoin gceannteideal "Taraif-chuótaí in earnáil na ngránach", sa tábla a bhaineann leis an taraif-chuóta a bhfuil an tsraithuimhir 09.0138 air, sa ró "Cainníocht", cuirtear an chainníocht "307 105 000 kg" in ionad "306 812 000 kg";

(2) sa roinn faoin gceannteideal, leasaítear "Tariff-Chuóta in earnáil na dtorthaí agus na nglasraí agus an fhíona phróiseáilte" mar a leanas:

(a) in ionad an cheannteidil, cuirtear "Taraif-chuótaí in earnáil na dtorthaí agus na nglasraí agus an fhíona phróiseáilte";

(b) roimh an tábla a bhaineann leis an taraif-chuóta a bhfuil an tsraithuimhir 09.6715 air, cuirtear isteach an tábla seo a leanas a bhaineann le taraif-chuóta a bhfuil an tsraithuimhir 09.0067 air:

"**Sraithuimhir**	**09.0067**
Bunús dlí sonrach	Cinneadh (AE) 2021/1213 ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais, an Chomhaontaithe trí Mhalartú Litreacha idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na hAirgintíne de bhun Airteagal XXVIII de Chomhaontú Ginearálta um Tharaifí agus Trádáil (CGTT) 1994 a bhaineann le modhnú lamháltas ar na cuótaí ráta taraife uile a áirítear i Sceideal CLXXV an Aontais mar thoradh ar tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach
Tuairisc ar an táirge agus cóid AC	Sú fíonchaor agus úrfhíon chun sú fíonchaor agus/nó táirgí de chuid earnáil neamh-fhíon amhail deochanna neamhalcólacha, subha agus anlainn a tháirgeadh: ex 2009 61 90 (féach cóid TARIC) ex 2009 69 11 (féach cóid TARIC) ex 2009 69 19 (féach cóid TARIC) ex 2009 69 51 (féach cóid TARIC) ex 2009 69 90 (féach cóid TARIC)
Cóid TARIC	2009 61 90 10 2009 69 11 11 2009 69 11 19 2009 69 19 10 2009 69 51 10 2009 69 90 20
Tionscnamh	Gach tríú tír ach amháin an Ríocht Aontaithe
Cainníocht	2 525 000 kg de ghlanmheáchan
Tréimhse an taraif-chuóta	Ón 1 Meán Fómhair go dtí an 31 Lúnasa
Fothréimhse an taraif-chuóta	Ní bhaineann le hábhar
Cruthúnas tionscnaimh	Ní bhaineann le hábhar
Dleacht chustaim laistigh den chuóta	Na dleachtanna *ad valorem* a chuirtear in iúl maidir le gach cód AC agus, maidir leis na táirgí a thagann faoi chuimsiú chód AC 2009 69 11, an dleacht shonrach arna sloinneadh in euro/kg dá bhforáiltear i gComhtharaif Chustaim an Aontais Eorpaigh:

	Do chód AC ex 2009 61 90: 22,4 % *ad valorem* Do chód AC ex 2009 69 11: 40 % *ad valorem* + EUR 20,6 in aghaidh 100 kg de ghlanmheáchan Do chód AC ex 2009 69 19: 40 % *ad valorem* Do chód AC ex 2009 69 51: 22,4 % *ad valorem* Do chód AC ex 2009 69 90: 22,4 % *ad valorem*
Urrús atá le taisceadh i gcomhréir le hAirteagal 2 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/1987;	An difríocht idir an dleacht chustaim laistigh den chuóta agus ráta dleachta tríú tír *erga omnes*.
Coinníollacha sonracha	Déanfar claochlú an tsú fíonchaor agus an úrfhíona sin laistigh de shé mhí tar éis scaoileadh na dtáirgí lena mbaineann i saorchúrsaíocht"

(3) leasaítear an roinn faoin gceannteideal "Taraif-chuotaí in earnáil na mairteola agus na laofheola" mar a leanas:

(a) sa tábla a bhaineann leis na taraif-chuótaí a bhfuil na sraithuimhreacha 09.0161 agus 09.0162 orthu, sa ró "dleacht chustaim laistigh den chuóta", cuirtear "15 % *ad valorem*" in ionad na bhfocal "20 % *ad valorem*";

(b) sa tábla a bhaineann leis na taraif-chuótaí a bhfuil na sraithuimhreacha 09.0163 agus 09.0164 orthu, sa ró "dleacht chustaim laistigh den chuóta", cuirtear "15 %" in ionad an chéatadáin "20 %";

(4) sa roinn faoin gceannteideal "Taraif-chuótaí in earnáil na caoireola agus na feola gabhair", sa tábla a bhaineann leis na taraif-chuótaí a bhfuil na sraithuimhreacha 09.2101, 09.2102, 09.2011 orthu, sa ró "Cainníocht", cuirtear an chainníocht "19 090 000 kg" in ionad "17 006 000 kg".